AP9.6T

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA

*An Ardteistiméireacht Fheidhmeach 2002*

# Speisialú Gairmiúil – Teicneolaíocht Eolais agus Chumarsáide

Tástáil ar Inniúlacht Phraiticiúil agus Scrúdú Scríofa
(400 marc)

Dé Céadaoin, 29 Bealtaine 2002
Maidin 10.00 go dtí 12.00

*Don Fheitheoir amháin*

| **Stampa an Ionaid** |
|---|
| |

***Treoracha Ginearálta***

1. Scríobh d'UIMHIR SCRÚDAITHE sa spás seo.
2. Scríobh do chuid freagraí sa bhfreagarleabhar seo.
3. Bí cinnte go seolann tú ar ais do chuid asphriontaí go léir leis an bhfreagarleabhar seo.

TÁ TRÍ ROINN SA SCRÚDÚ SEO.

*Roinn 1*: **Teoiric Ghinearálta**

*Roinn 2*: **Próiseáil Focal**

*Roinn 3*: **Modúil Roghnacha**

*Don Scrúdaitheoir amháin*

| **ROINN** | | **MARC** |
|---|---|---|
| **Roinn 1** | | |
| **Roinn 2** | | |
| **Roinn 3** | **Modúl 2** | |
| | **Modúl 3** | |
| | **Modúl 4** | |
| | **Modúl 5** | |
| | **Modúl 6** | |
| **FO-IOMLÁN** | | |
| **BÓNAS** | | |
| **IOMLÁN** | | |

## *Roinn 1* – Teoiric Ghinearálta (80 marc)

**Freagair gach ceann de na 10 ceist sna spásanna cuí.**

**1.** Ainmnigh trí fheiste stórála.

(a) ______________________________________

(b) ______________________________________

(c) ______________________________________

**2.** Roghnaigh trí ní sna boscaí seo a leanas ar *feistí ionchuir* iad.

| | | | |
|---|---|---|---|
| Printéir léasair | Méarchlár | Peann tadhaill | Scanóir |
| Breacaire | CD-ROM | Scáileán | |

(a) ______________________________________

(b) ______________________________________

(c) ______________________________________

**3.** Cén cineál printéara a ndéantar cur síos air anseo thíos?

"*Buaileann an printéir seo an ribín chun carachtar amháin a phriontáil sa turas. Is é atá sna carachtair ná patrúin de phoncanna indibhidiúla*."

______________________________________

**4.** Cad dó a seasann gach ceann díobh seo a leanas?

(a) **PPM** ______________________________________

(b) **DPI** ______________________________________

(c) **WYSIWYG** ______________________________________

**5.** Críochnaigh iad seo a leanas:

1 beart = ________ giotán

1 cilibheart = ________beart

**6.** Mínigh an téarma *bogearraí.* Luaigh sampla amháin.

**7.** Cén ceann díobh seo a leanas **nach** cineál ríomhaire é?

| | |
|---|---|
| Ríomhaire glúine | Scáileán |
| Ríomhaire boise | Mór-ríomhaire |

**8.** Mínigh an téarma *líonra achair logánta (LAL) (LAN* i mBéarla).

**9.** Cén difríocht atá idir comhad *a chóipeáil* agus comhad *a bhogadh*?

**10.** Mínigh an bhrí atá le *cúltaca a dhéanamh* ar shonraí.

## *Roinn 2* – Modúl 1: Próiseáil Focal **(80 marc)**

Tá dhá cheist sa roinn seo den scrúdú.
**Freagair an dá cheist.**

### 11. Teoiric Phróiseáil Focal **(10 marc)**

(a) Mínigh an difríocht atá idir *gearr amach agus greamaigh* agus *cóipeáil agus greamaigh.*

________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________

(b) Ainmnigh dhá chineál bhreisiúchán téacs a bhféadfá úsáid a bhaint astu agus fógra á chlóscríobh agat.

1. ______________________________________

2. ______________________________________

## 12. Tasc Praiticiúil Phróiseáil Focal (70 marc)

Tugadh duit comhad phróiseáil focal ar dhiosca dar teideal **TV.**

(a) Oscail an comhad seo agus déan na leasuithe a thaispeántar ar **leathanach 6** den pháipéar seo.

(b) Clóscríobh d'Uimhir Scrúdaithe ag an imeall clé ag barr an doiciméid, faoi mar a thaispeántar ar **leathanach 6.**

(c) Ag bun an doiciméid agat, cuir isteach an téacs atá sa bhosca thíos, agus formáidiú déanta agat air de réir mar a thaispeántar.

Chun cóipeanna a fháil de thorthaí iomlána an tsuirbhé, téigh i dteagmháil le:

| | | |
|---|---|---|
| **Baile Átha Cliath** | Seán | 01 1889856 |
| **Áiteanna eile in Éirinn** | Sabrina | 099 45698 |

Nó, seol clúdach le do sheoladh agus stampa air, chuig:

14 Lána an Fhaoitigh
Achadh an tSeiceamair
Baile Átha Cliath 32

(d) Sábháil an doiciméad mar **TV1** agus priontáil cóip amháin.

**Bí cinnte go seolann tú ar ais an t-asphrionta le do fhreagarleabhar ag deireadh an scrúdaithe.**

(Uimhir Scrúdaithe)

(Caitheamh Aimsire Náisiúnta?) LÁRNAIGH, CLÓ TROM AGUS 16 POINTE

IODÁILIGH Rinne Littlewood Data suirbhé le déanaí ar theaglaigh in Éirinn, a léirigh go raibh breathnú ar an teilifís ar an gcaitheamh aimsire is mó a thaitníonn le teaghlaigh faoi láthair. Teicneolaíocht réasúnta nua is ea TV, mar a thugtar air go coitianta, agus formhór na dteaghlach tar éis an chéad TV a cheannach sna 60í agus sna 70í.

LEAN A CHÉILE

Is ábhar iontais é ~~go~~ go bhfuil ardú mór tagtha go tapa ar an líon gléasanna ar meán atá i ngach teach, chomh hard le 3 faoi láthair. De ghnáth, bíonn siad seo lonnaithe sa:

seomra bia,

seomra suí agus

príomhsheomra leapa

Léirigh an suirbhé freisin go dtagann athrú mór de réir aoise ar an méid ama a chaitear ag féachaint ar an teilifís. Féachann déagóirí agus páistí óga ar an teilifís ar feadh tréimhse as cuimse 19 uair an chloig in aghaidh na seachtaine, ach ba iad na daoine fásta ab óige (19-26), is lú a bhreathníonn air, 13 uair an chloig sa tseachtain. ALT NUA Bhí na tuismitheoiri go léir a ndearn adh suirbhé orthu, ar aon intinn go raibh an TV go maith mar chaitheamh aimsire, ach nach raibh aon bhreith aige ar na rogha eile traidisiúnta agus folláine a shárú, cuir i gcás cluichí foirne, siúlóidí, rothaíocht agus rince.

DÉAN COMHFHADÚ IOMLÁN AR CHORP AN TÉACS
SPÁSÁIL SHINGIL AR NA LÍNTE TRÍD SÍOS

## *Roinn 3* – Modúil Roghnacha (240 marc)

---

Tá **cúig** mhodúl sa roinn seo den scrúdú.
Críochnaigh **trí** cinn ar bith de na modúil seo.
Tá na modúil uile ar comharc.


---

## Modúl 2: Scarbhileoga (80 marc)

Tá dhá cheist sa mhodúl seo.
**Freagair an dá cheist.**

### 13. Teoiric Scarbhileog (10 marc)

(a) Cén cineál cairte a thaispeántar anseo ar dheis?



______________________________

(b) Cuir ciorcal timpeall ar an bhfreagra ceart i (1) agus (2).

(1) Ar an scarbhileog thíos, tá an t-ábhar i gcill C4

| | | |
|---|---|---|
| ailínithe ar dheis | lárnaithe | ailínithe ar chlé |

(2) Tá cill A3 formáidithe de réir

| | | |
|---|---|---|
| dáta | airgeadra | céatadán |

| | A | B | C |
|---|---|---|---|
| 1 | | | |
| 2 | | | |
| 3 | €5.75 | | |
| 4 | | | 56 |
| 5 | | | |

## 14. Tasc Praiticiúil Scarbhileoige (70 marc)

(a) Leag amach scarbhileog de réir na gceannteideal a thugtar thíos.

(b) Ionchuir na sonraí, ailínithe agus formáidithe, de réir mar a thaispeántar. Déan coigeartú ar leithead na gcolún de réir mar is gá.

| | A | B | C | D |
|---|---|---|---|---|
| 1 | **FOIRM** | **ORDAITHE** | **UACHTAR REOITE** | |
| 2 | | | | |
| 3 | **Uachtar Reoite** | **Praghas an Bhosca(€)** | **Boscaí Ordaithe** | **Costas an Ordaithe(€)** |
| 4 | Almondo | 23.50 | 50 | |
| 5 | Banana Split | 40.60 | 40 | |
| 6 | Choco Ice | 21.00 | 19 | |
| 7 | Lemon Ice | 35.00 | 25 | |
| 8 | Mint Burger | 30.50 | 10 | |
| 9 | Nutty Fudge | 50.00 | 20 | |
| 10 | | | **Costas Iomlán an Ordaithe(€)** | |
| 11 | **Meánphraghas an Bhosca(€)** | | | |
| 12 | | | | |
| 13 | **Uimhir Scrúdaithe** | | | |

(c) Ríomh **Costas an Ordaithe** maidir le gach cineál **Uachtar Reoite** ar leith trí **Phraghas an Bhosca** a mhéadú faoi **Boscaí Ordaithe**. Ba chóir é seo a thaispeáint sa cholún **Costas an Ordaithe**.

(d) (1) Bain úsáid as foirmle oiriúnach, i gcill D10, chun **Costas Iomlán an Ordaithe** a ríomh.

(2) Scríobh an fhoirmle a d'úsáid tú in D10 ar an líne chuí: ____________________

(e) Bain úsáid as foirmle oiriúnach, i gcill B11, chun **Meánphraghas an Bhosca** a ríomh.

(f) Formáidigh gach cill a bhfuil suim airgid inti go dtí dhá ionad de dheachúlacha.

(g) Clóscríobh d'Uimhir Scrúdaithe i gcill B13.

(h) Tóg barra-chairt chun **Praghas an Bhosca** atá ar gach cineál **Uachtar Reoite** a thaispeáint.

(i) Cuir isteach d'Uimhir Scrúdaithe mar theideal na cairte.

(j) Sábháil an comhad mar **UACHTARREOITE**.

(k) Priontáil cóip amháin den scarbhileog agus den chairt.

**Bí cinnte go seolann tú ar ais an t-asphrionta (na h-asphriontaí) le do fhreagarleabhar ag deireadh an scrúdaithe.**

# Modúl 3: Bunachair Shonraí (80 marc)

Tá dhá cheist sa mhodúl seo.
**Freagair an dá cheist.**

## 15. Teoiric Bhunachar Sonraí (10 marc)

(a) Mínigh an téarma *sórtáil ardaitheach*.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

(b) Déan staidéar ar an mbunachar sonraí thíos agus ansin comhlánaigh an tábla struchtúr bhunachar sonraí.

| **Fostaí** | **DátaBreithe** | **FostaíUimh** |
|---|---|---|
| Ó Deá, Seán | 05/05/73 | 523654 |
| Mistéil, Tomás | 12/12/82 | 256418 |
| Ní Mhurchú, Máire | 06/09/81 | 259561 |

**Tábla Struchtúr Bhunachar Sonraí**

| **Ainm Réimse** | **Cineál Sonraí** |
|---|---|
| Fostaí | |
| DátaBreithe | |
| FostaíUimh | |

## 16. Tasc Praiticiúil Bhunachar Sonraí (70 marc)

Tugadh duit comhad bhunachar sonraí ar dhiosca dar teideal **FOSTAIGH.**

(a) Oscail an comhad seo.

(b) Cuir na taifid seo a leanas leis an mbunachar sonraí.

| UimhID | Ainm | Sloinne | DátaBreithe | Pá(€) | Rannóg |
|---:|---|---|---:|---:|---|
| 8 | Micheál | Ó Murchú | 09/09/73 | 274.00 | Cuntais |
| 9 | Nancy | Nerney | 06/06/66 | 280.00 | Innealtóireacht |
| 10 | Barra | Brighton | 25/01/72 | 330.00 | Margaíocht |
| 11 | Linda | Lillis | 10/12/79 | 236.00 | Innealtóireacht |

(c) Chinn Cathal Ó Conchúir ar an ngnólacht a fhágáil. Scrios an taifead aige ón mbunachar sonraí.

(d) Fuair Tracey Tanner ardú céime agus tá sí ag obair sa **Rannóg** Margaíochta anois. Is é €525.00 an pá méadaithe atá aici anois. Leasaigh an bunachar sonraí chun na hathruithe seo a thaispeáint.

(e) Sórtáil an bunachar sonraí in ord *íslitheach* de réir **Pá**.

(f) Agus na leasuithe thuas curtha i bhfeidhm, priontáil an bunachar sonraí. Bí cinnte go scríobhann tú d'Uimhir Scrúdaithe go soiléir ar an asphrionta seo.

(g) Roghnaigh taifid uile na ndaoine atá sa **Rannóg** Margaíochta. Sórtáil iad seo de réir **Sloinne** agus priontáil iad. Bí cinnte go scríobhann tú d'Uimhir Scrúdaithe go soiléir ar an asphrionta seo.

(h) Sábháil an comhad/fiosrúchán seo mar **MARGAIOCHT**.

**Bí cinnte go seolann tú ar ais na h-asphriontaí le do fhreagarleabhar ag deireadh an scrúdaithe.**

# Modúl 4: Foilsitheoireacht Deisce (80 marc)

Tá dhá cheist sa mhodúl seo.
**Freagair an dá cheist.**

## 17. Teoiric Fhoilsitheoireacht Deisce (10 marc)

(a) Ainmnigh dhá fheiste ionchuir a bheadh oiriúnach chun fótagraif a chur isteach i ndoiciméad fhoilsitheoireacht deisce.

1. ______________________________

2. ______________________________

(b) Cad is brí le *treoshuíomh téacs*?

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

## 18. Tasc Praiticiúil Fhoilsitheoireacht Deisce (70 marc)

Tugadh duit comhad téacs ar dhiosca dar teideal **BRICFEASTA** agus píosa fáiscealaíne dar teideal **GRIAN**.

(a) Bain úsáid as an téacs agus as an bhfáiscealaín ar do dhiosca chun an doiciméad a thaispeántar ar **leathanach 13** a chruthú (seans nach mbeidh an fháiscealaín ar do dhiosca ar aon dul leis an gceann a thaispeántar). Bí cinnte go gcuireann tú an leagan amach céanna air agus a thaispeántar.

(b) Clóscríobh d'Uimhir Scrúdaithe ag an imeall clé ag barr an doiciméid mar a thaispeántar ar **leathanach 13**.

(c) Bain úsáid as cló Arial (méid 36 pt) don cheannlíne. Bain úsáid as cló éagsúil don chuid eile den téacs.

(d) Athraigh méid na fáiscealaíne go dtí timpeall is an méid a thaispeántar agus cuir isteach í san ionad a thaispeántar.

(e) Tarraing líníocht den chlog, le ciorcal agus dhá shaighead, agus cuir isteach í mar a thaispeántar.

(f) Sábháil an doiciméad mar **DUISIGH** agus priontáil cóip amháin.

**Bí cinnte go seolann tú ar ais an t-asphrionta le do fhreagarleabhar ag deireadh an scrúdaithe.**

(Uimhir Scrúdaithe)

# An fuath leat éirí ar maidin?

Is é is cúis le daoine áirithe a bheith tuirseach agus cancrach ar maidin ná go mbíonn leibhéal íseal siúcra ina gcuid fola tar éis troscadh fada na hoíche, agus gá ag an gcorp le breis breosla. Cuirfidh bricfeasta cothaitheach an breosla seo ar fáil – agus dá réir sin is dócha gurb é an bricfeasta an béile is tábhachtaí sa lá. Má fhágaimid an bricfeasta ar lár, táimid ag ceilt bia ar an gcorp ag an am is mó is gá é.


Cuimhnigh go ndéanaimid an chuid is mó d’obair an lae i gcaitheamh na maidine. Taispeánann taighde go mbíonn sé deacair ag daoine díriú ar an obair mura mbíonn bricfeasta ceart acu, agus nach mbíonn siad chomh héifeachtúil sin i mbun oibre, agus go mbíonn claonadh chun timpistí acu. Iadsan a théann de cheal bricfeasta, beidh fonn orthu smailbhia siúcrúil a lorg i lár na maidine chun an bolg a líonadh. Tá sé thar a bheith tábhachtach bricfeasta ceart a ithe, go háirithe más lón pacáilte a bhíonn agat i lár an lae.



Más duine tú nach mbíonn fonn bia ort an chéad rud ar maidin, bain triail as sú oráiste nó seadóige i dtús báire – cuirfidh an blas géar faobhar ar do ghoile agus dúiseoidh sé tú.

Roghnaigh astu seo:
**Toradh**: tráta, oráiste, sú seadóige, teascáin seadóige, seadóg ghriollta, torthaí stofa, m.sh. biabhóg, prúnaí, mealbhacán.
**Gránaigh**: leite, muesli, gránaigh bricfeasta, e.g. calóga cruithneachta.
**Príomhchúrsa:** iasc griollta, uibheacha, bagún, ae, tráta griollta, mírín Bhreatnach, tósta Francach.

Críochnaigh le bia carbaihiodráite – tósta, arán donn nó bán nó scónaí, brioscaí éadroma, croissants – agus deoch the, tae nó caife mar shampla. Ba chóir deoch déanta ar bhainne a thabhairt do pháistí.



# Modúl 5: An tIdirlíon (80 marc)

Tá dhá cheist sa mhodúl seo.
**Freagair an dá cheist.**

## 19. Teoiric Idirlín (10 marc)

(a) Cad dó a seasann gach ceann díobh seo a leanas?

1. **ISP** ______________________________
2. **HTML**______________________________

(b) Cad is *leabharmharc* ann?

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

## 20. Tascanna Praiticiúla Idirlín (70 marc)

**TASC 1**

(a) Logáil isteach ar an Idirlíon.

(b) Oscail suíomh gréasáin **amháin** Éireannach ar bith díobh seo a leanas:

- www.examiner.ie
- www.ireland.com
- www.independent.ie
- www.online.ie

(c) Téigh go dtí an leathanach spóirt.

(d) Oscail scéal spóirt ar bith. Sábháil é ar do dhiosca scrúdaithe mar **SPORT.** Priontáil an chéad leathanach den scéal. Bí cinnte go scríobhann tú d'Uimhir Scrúdaithe ar an asphrionta.

**TASC 2**

(a) Bain úsáid as inneall cuardaigh ar bith chun teacht ar leathanach gréasáin d'óstán i gCalifornia.

(b) Sábháil é ar do dhiosca scrúdaithe mar **OSTAN**. Priontáil an chéad leathanach den suíomh. Bí cinnte go scríobhann tú d'Uimhir Scrúdaithe ar an asphrionta.

**TASC 3**

(a) Oscail do chlár ríomhphoist agus cum an teachtaireacht ríomhphoist seo a leanas.

**A Sheáin**
**Áthas orm a chloisteáil gur thaitin cóisir an tSathairn leat. Beidh mé ag glaoch ort go luath.**

**Sínithe: (d' Uimhir Scrúdaithe)**

(b) Is é *Sathairn* ábhar an ríomhphoist.

(c) Seol an ríomhphost chuig an seoladh ríomhphoist a thugtar ar an bhfoirm **RP1** agus seol Cóip Charbóin (CC) chuig do sheoladh ríomhphoist féin.

(d) Oscail an ríomhphost a sheol tú chugat féin agus priontáil cóip amháin.

**Bí cinnte go seolann tú na trí asphriontaí ar ais le do fhreagarleabhar ag deireadh an scrúdaithe.**

## Modúl 6: Iontráil Téacs (80 marc)

Tá dhá cheist sa mhodúl seo.
**Freagair an dá cheist.**

### 21. Teoiric Iontráil Téacs (10 marc)

Tá ar a laghad 10 earráid sa sliocht seo a leanas. Tá earráidí litrithe, poncaíochta agus leagan amach ina measc. Déan léamh profaí ar an doiciméad agus marcáil na hearráidí le do pheann.

17 Bealtaine 20002

Goraibh maith agat as ucht na litreach a fuaireamar uait le déaanaí ag fiafraí i dtaobh lóistín tigíní in Florida.  Tá áthas orm na rátaí seo a leanas a thaiiscint, agus tá súil agam go bhfeilfidh siad duit. Is é $500 an ráta seachtainiúil do sheachtar fásta. San áireamh anseo, tá úsáid an linn snámha, jacuzzi, sauna, agus folcadán gaile. Tá giomnáisiam lánfheistithe againn freis

táimid cúig mhíle ghlan ó Ballyantin,baile mór cois cósta. Ta seirbhís bus ar fáil go háitiúil i rith anlae agus bíonn seirbhís tacsaí ann istoíche.

Má tá fonn ort áirithint a dhéanamh, is Féidir leat teagmháil liom ar an bpríobh-mhalartán, faoi mar a rinne tú inné nó is féidir leat glaoch orm díreach ar
099 568421.

## 22. Tascanna Praiticiúla Iontráil Téacs (70 marc)

**TASC 1 Triail Iontráil Sonraí**

(a) Clóscríobh d'Uimhir Scrúdaithe ag an imeall clé ag barr an doiciméid.

(b) Clóscríobh an sliocht seo a leanas le spásáil dhúbailte ar na línte.

(c) Sábháil é ar do dhiosca scrúdaithe mar **DIONTRAIL** agus priontáil cóip amháin.

Déanfaidh an modúl iontráil téacs forbairt ar scileanna méarchláir na ndaltaí sa tslí go mbeidh ar a gcumas sonraí a ionchur go cruinn i ndoiciméid. Foghlaimeoidh daltaí an chaoi leis an méarchlár a oibriú agus na teicnící cearta acu go muiníneach. Foghlaimeoidh siad cén chaoi ar chóir doiciméid dea-léirithe a sholáthar agus déanfaidh siad forbairt ar a gcuid scileanna profála. Beidh siad inniúil freisin ar théacs forscripte agus foscripte a ionchur, e.g., $H_20$ agus $2x^2$.

**Moltaí Ginearálta**

Tá moltaí sna Treoirlínte do Mhúinteoirí maidir le cleachtas seomra ranga. Ní bhacann na treoirlínte cleachtais eile a úsáid. Tá scóip ann do mhúinteoirí a ndea-bhreithiúnas gairmiúil féin a chur ag obair in oiriúint do spéiseanna, do riachtanais agus do chumais an ghrúpa. Tá sé riachtanach, áfach, go gcloítear le bunphrionsabail na hArdteistiméireachta Feidhmí. Ní mór cloí le modheolaíocht atá dírithe ar an dalta agus bunaithe ar ghníomhaíochtaí. Beifear ag súil go gcuirfidh na hiarrthóirí 2 tasc nó 3 i gcrích sa mhodúl seo, mar aon le 4 príomhthasc.

**Bí cinnte go seolann tú ar ais an t-asphrionta le do fhreagarleabhar ag deireadh an scrúdaithe.**

**TASC 2 Biachlár a Chruthú**

(a) Clóscríobh d'Uimhir Scrúdaithe ag an imeall clé ag barr an doiciméid.

(b) Is tú an fáilteoir in Óstán Radharc na Mainistreach agus iarrtar ort biachlár an dinnéir a chruthú agus na sonraí eolais seo agat.

| | |
|---|---|
| Réamhchúrsa: | Ding Mealbhacáin Fuaraithe nó Sailéad Bradáin Deataithe |
| Príomhchúrsa: | Caoldroim Mairteola Rósta, Sóil Sleamhain Scallta, Sicín ar Dóigh nó Lasagne Glasraí |
| Milseog: | Císte Cáise Citris nó Píóg Úll |

(c) Cuir isteach ainm an óstáin, an teideal "Biachlár an Dinnéir" agus dáta an lae inniu ag barr an bhiachláir.

(d) Lárnaigh gach mír ar an mbiachlár.

(e) Roghnaigh clónna, spásáil, breisiúchán téacs, etc., a chruthóidh leagan amach deas oiriúnach de leathanach A4 amháin.

(f) Sábháil an comhad seo mar **BIACHLAR** agus priontáil cóip amháin.

**Bí cinnte go seolann tú ar ais an t-asphrionta le do fhreagarleabhar ag deireadh an scrúdaithe.**